AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Céadaoin 22 Eanáir 2020

11.00r.n. Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Lorraine Finn, Liam Ó Diomsaigh, Pádraig Mac Grianna agus Rita Nic Amhlaoibh.

Leithscéal: Cathnia Ó Muircheartaigh, Elaine Ní Neachtain agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 10 Nollaig 2019 agus shínigh an Cathaoirleach iad (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur ghlac Frank Ó Tormaigh le post an Oifigigh Oideachais Bhunscoile agus go mbeadh sé ag tosú ar 3 Márta 2020. Míníodh go mbeadh sé ar chonradh 6 mhí agus féidearthacht ansin le haghaidh conradh bliana ó 3 Meán Fómhair ar aghaidh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an scoil as an tsolúbthacht agus as an chabhair é a scaoileadh ón scoil.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur fhreastail sé féin agus B. Ní Ghréacháin ar chruinniú le Gavan O Leary agus Treasa Kirk sa Roinn Oideachais agus Scileanna ar 18 Nollaig maidir leis an pholasaí don oideachas trí mheán na Gaeilge agus gur fáiltíodh roimh an deis bheith ar an choiste comhairleach. Rinne sé tagairt don phreas ráiteas ón Aire McHugh faoi ghlao ar iarratais ó institiúidí tríú leibhéal le cúrsaí uas-scileála a chur ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile le go mbeidh siad cáilithe le hábhair bhreise a theagasc (mata, Spáinnis agus fisic). Aontaíodh gur cheart don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach bualadh leis an Údarás um Ard-Oideachas chun an cheist seo a phlé.

Mhínigh an Cathaoirleach gur scríobh sé chuig an CNCM i ndiaidh an chruinnithe boird deiridh ag cur imní an Bhoird faoi bhailíocht na béaltrialach reatha in iúl agus ag rá go raibh píosa taighde le déanamh i dtaca leis an scrúdú cainte. I bhfreagra a fuarthas ón CNCM, fáiltíodh roimh an taighde atá beartaithe mar chuid den phróiseas comhairliúcháin.

Tá cruinniú le bheith ann ar an 29 Eamáir leis an CNCM agus UCD leis an taighde ar fhás aníos in Éirinn a phlé. Tá sé i gceist an bhéaltriail agus na sonraíochtaí T1 agus T2 a phlé freisin.

Aontaíodh gur cheart cruinniú a lorg le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina leith agus cuireadh a thabhairt do Rúnaí Cúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus d'ionadaí ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí freisin.

6. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur fhreastail sí féin agus A. Nic Craith ar chruinniú rialachais i mí na Nollag. Mar chuid den rialachas, tuairiscíodh go raibh an Roinn mall ag faomhadh na gcuntas agus na tuarascála bliantúil agus gur fiú ráiteas a chur sna cuntais ag léiriú nach bhfoilseofaí iad go dtí go mbeidh siad faofa ag an Roinn. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh cás gnó le hullmhú arís le haghaidh síneadh conartha Mhichíl S. Thuairisc an Príomhfheidhmeannach go raibh €2.663 milliún ceadaithe do bhuiséad COGG i mbliana.

Cuireadh in iúl go raibh an obair ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ag dul ar aghaidh agus go raibh Micheál S. Mac Donnacha agus Peadar Ó Loideáin ag leanúint ar aghaidh leis an tsraith cruinnithe leis na scoileanna. Cuireadh in iúl go raibh an obair tosaithe ar na cúrsaí samhraidh do na bunscoileanna Gaeltachta anois.

Tuairiscíodh gur cuireadh an seoladh ar ceal den tuairisc taighde ar Scéim na gCúntóirí an tseachtain roimhe agus ní fios go fóill cén uair a seolfar an tuairisc. Míníodh go raibh an obair ar fad ar na téacsleabhair nua ag dul ar aghaidh. Míníodh go raibh Glór na nGael i ndiaidh an stoc ar fad de chruinneoga COGG a cheannach ar an bpraghas iomlán a caitheadh orthu agus go mbeadh siad á ndíol trí www.udar.ie Rinneadh tagairt don stoc Gaeilge a cheannaigh COGG ó Clevermind Toys agus é athdhíolta ar an gcostas iomlán le Glór na nGael.

Rinne an Príomhfheidhmeannach tagairt don Tionscadal Soláthair agus chuir sí in iúl go raibh an cuma ar an scéal go raibh an tionscadal ina stad agus go raibh curtha in iúl don Roinn go raibh díomá ar COGG i dtaca leis an easpa dul chun cinn.

Tuairiscíodh go bhfuil sé i gceist dul ar aghaidh leis an Tionscadal FCÁT agus an scéim phíolótach a chur i gcrích roimh saoire an tsamhraidh i réamhscoileanna, bunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá COGG le plé le forbairt áiseanna teagaisc agus tá na seirbhísí taca le hoiliúint a chur ar na múinteoirí.

Cuireadh in iúl go mbeadh Gabriel Nig Uidhir ag cur oiliúna ar oiliúnóirí maidir leis an Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht ar 31 Eanáir.

Cuireadh in iúl go raibh 194 cuairt déanta ag an veain ar scoileanna anuraidh agus gur fhreastail Donach O Lonargan ar 4 chomhdháil mar aon le cúrsa an INTO freisin.

Thug L. Ó Diomsaigh uasdátú ar an chomhthionscadal mata idir COGG agus CCEA.

7. An Tuairisc Airgeadais

Pléadh an tuairisc airgeadais agus cuireadh in iúl go raibh an figiúr deiridh le teacht ón Roinn faoin tuarastal. Ardaíodh ceist faoin méid a bhí luaite le stáiseanóireacht agus míníodh go mbeadh an t-airgead sin le húsáid don athbhrandáil mar gheall ar an chur chuige nua faoi lógó na Ranna rialtais.

8. Buiséad 2020

Pléadh cúrsaí buiséid do 2020.

9. Taighde FCÁT

Pléadh taighde FCÁT agus thug an Bord cead an taighde a thabhairt don Roinn. Iarradh cad a bhí le déanamh leis an taighde agus míníodh go raibh féidearthacht ann é a sheoladh ag an Tionól Forbartha nó ag ócáid eile níos luaithe sa bhliain. Iarradh ar an Bhord aon mholtaí nó aiseolas i leith an taighde a chur ar fáil faoin Luan.

10. Scéimeanna Maoinithe 2020

Pléadh scéimeanna maoinithe na n-áiseanna teagaisc agus taighde agus i measc na moltaí bhí:

- Áiseanna don chorpoideachas a bheadh oiriúnach don FCÁT bunscoile
- Ficsean do dhéagóirí
- Meabharshláinte (luadh Weaving Wellness, togra i mBéarla)
- Folláine agus aireachas (luadh Going Well, togra de chuid an CLG)
- Riachtanais speisialta
- Taighde maidir le díolúine ón Ghaeilge
- Taighde maidir le hilteangachas agus treoracha dea-chleachtais
- Taighde ar an churaclam nua teanga

Moladh taighde a dhéanamh go hinmheánach maidir le cad air a caitheadh an maoiniú ó na scéimeanna le 5 bliain anuas. Chuir L. Ó Diomsaigh in iúl go mbeadh mion-chás staidéar le déanamh ag Ollscoil na Banríona ar scoil ó dheas don tionscnamh 'If I were Jack' agus d'aontaigh an Príomhfheidhmeannach go labhródh sí le B. Ó Dufaigh ó Choláiste Oiriall ina leith.

Chuil L. Ó Diomsaigh go mbeidh taighde á dhéanamh ar churaclam faoi chothromaíocht an churaclaim thuaidh agus theas agus tá dhá scoil sa deisceart le haithint dó seo.

11. An Clár Riosca

Tuairiscíodh nach raibh aon rud le cur leis an chlár riosca.

12. Aon Ghnó Eile

Thagair A. Nic Craith do na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus chuir sí in iúl don Bhord go gcaithfí na foirmeacha maidir le nochtadh leasa bheith istigh faoi dheireadh na míosa. Chuir sí in iúl go gcaithfí an fhoirm chlárúcháin don charr a chur chuici freisin le haghaidh míleáiste a éileamh. Fiafraíodh an raibh mórán comhaltaí ag úsáid an Sharepoint do cháipéisíocht na gcruinnithe ach cuireadh in iúl gurbh fhearr iad a bheith ceangailte le ríomhphost, díreach mar atá faoi láthair.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go bhfuarthas litir ó TG4 ar lorg comhaltaí do Chomhairle Lucht Féachana TG4 2020 go 2025 agus go raibh tuilleadh eolais faoi ar www.tg4.ie/comhairle.

Síniú: _____ Dáta: 28 Aibreán 2020

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 28 Aibreán 2020

10.00r.n. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Liam Ó Diomsaigh, Lorraine Finn, Pádraig Mac Grianna, Rita Nic Amhlaoibh agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal: Bláthnaid Ní Ghréacháin agus Elaine Ní Neachtain.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

Ritheadh rún comhbhróin leis an Chathaoirleach ar bhás a mháthar agus ritheadh rún comhbhróin le B. Ní Ghréacháin ar bhás a huncail.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 22 Eanáir 2020 (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag L. Finn).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an obair ar an tionscadal soláthair agus an tionscadal FCÁT ag leanúint ar aghaidh. Chuir L. Ó Diomsaigh in iúl go raibh moill ar an áis dhigiteach atá á fhorbairt ag CCEA.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh sé ag freastal ar chruinniú rialachais Déardaoin 30 Aibreán leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ag a mbeidh an Comhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíocht 2020 le haontú.

6. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh gach ball d'fhoireann COGG ag obair ón bhaile seachas oifigeach amháin atá ina chónaí gar don oifig. Cuireadh in iúl go raibh an obair ag leanúint ar aghaidh mar is gnáth, go raibh an obair ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ag leanúint ar aghaidh agus tacaíocht á cur ar fáil do na scoileanna ar fad. Míníodh go rabhthas ag obair ar an treoir maidir leis an aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil.

Cuireadh in iúl go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh ach léiríodh díomá gur sheol an ETBI a dtairseach féin le déanaí ach go leanfadh an obair ar aghaidh idir COGG, PDST agus Scoilnet ina leith. Míníodh go raibh scoileanna á gcur ar an eolas faoi na háiseanna ar fad atá ar fáil ar líne agus go raibh an tÁisaonad ag cur taifeadadh fuaime de roinnt leabhar ón chlár luathléitheoireachta ar fáil ar an suíomh leighanois.com.

Cuireadh in iul go ndearna F. Ó Tormaigh Webinar ar Seesaw agus go raibh an-tóir ar i measc na múinteoirí. Cuireadh in iúl go raibh an Dianchúrsa do mhúinteoirí iar-bhunscoile a bhí beartaithe do mhí Lúnasa curtha ar ceal anois. Ghabh an Bord buíochas le foireannn COGG as an tacaíocht ar fad a cuireadh ar fáil.

Ardaíodh ceist faoin Acht Oideachais 2018 (Rollúchán Scoile) maidir le cosc a bheith ann tús áite a thabhairt do pháistí an naíonra i gcásanna ró-éilimh agus an tionchar a bheadh aige sin ar scoileanna agus aontaíodh gur cheart an cheist a phlé le Gaeloideachas.

Léiríodh díomá madir le cinneadh na Roinne i dtaca leis an scrúdú béil agus na cúrsaí Gaeltachta agus samhraidh. Moladh scríobh chuig an Aire agus míshásamh an Bhoird a chur in iúl go bhfuil míbhuntáiste ann mar thoradh ar na cinntí sin.

7. An Tuairisc Airgeadais

Pléadh an tuairisc airgeadais agus cuireadh in iúl go raibh €364,586.60 fós le dáileadh ach go raibh sábháiltí le cur ar fáil don Roinn faoin Aoine. Ardaíodh ceist faoi airgead breise agus moladh airgead a chur ar leataobh le haghaidh áiseanna ar líne a fhorbairt toisc go bhfuil bearnaí sa tsoláthar. Cuireadh in iúl go raibh an obair ar na téacsleabhair ag leanúint ar aghaidh ach cuireadh fáilte roimh mholtaí. Moladh scéim eisceachtúil a fhógairt nó suirbhé a dhéanamh ar mhúinteoirí agus scoileanna maidir leis na háiseanna atá uathu.

Cuireadh in iúl go raibh dréachtchuntais 2019 curtha faoi bhráid an Roinne

8. Comhaontú leis an Roinn Oideachais (CSF)

Pléadh an Chomhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta 2020 leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Cuireadh in iúl gur pléadh an comhaontú ag cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le déanaí agus go raibh an Coiste sásta leis. Ghlac an Bord leis an Chomhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta 2020.

9. Scéimeanna maoinithe 2020

Pléadh na hiarratais ar mhaoiniú faoin scéim mhaoinithe áiseanna teagasic agus foghlama. Pléadh na hiarratais bhunscoile ar dtús agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Ainm an Tionscadail	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Picker Pals as Gaeilge *Voice Ireland*	€5,750	Diúltú
Acmhainní oideachais chomhshaoil *An Taisce's Environmental Education Unit*	€14,000	€7,500
Weaving Well-Being *Outside the Box Learning Resources*	€16,000	€16,000
School Anthologies *Emu Ink Schools' Publishing Programme*	€11,000	Diúltú
Earth Quest *Brigit's Garden*	€414.20	€414.20
Mo Chuid Amhráin Ghaeilge 2 *Risteard Mac Liam*	€15,700	Diúltú
Sraith leabhar dátheanagach *Risteard Mac Liam*	€9,744	Diúltú
Eipic! *Primary Planet*	€20,000	€20,000
An Áis Pleanála Bunscoile *Heremon Education Software Ltd*	€20,000	Diúltú
Sraith fhíseán *Glór na nGael*	€12,000	Diúltú
Spraoi le gníomh *Eoghan Mac Cormaic*	€9,400	Diúltú
Dhá leabhar do pháistí *Ciarán Ó Maitiú*	€23,846	Diúltú
Cad a Chuirfeadh Sceon ar an Leon *Rossa Ó Snodaigh*	€9,500	€9,500
GRÁ i nGléas G *Rossa Ó Snodaigh*	€11,000	€11,000
Leabhair léitheoireachta do Naíonáin Bheaga *EDCO*	€25,000	Diúltú
Mise Mar Fhoghlaimeoir (Rang a 1 agus 2) *EDCO*	€25,000	€10,000
Boscaí Gaeilge mar chuid den tionscadal 'Foreign Objects' *TULCA*	€18,510	Diúltú
Acmhainní oideachasúla Gaeilge *Leave No Trace Ireland*	€19,925	€10,000
Pacáiste eolais dírithe ar fhoireann teagaisc na scoile maidir le disléicse agus sealbhú na litearthachta *An Cumann Gael-litearthachta*	€3,915	€3,915
Aip/cluiche le haghaidh foghlaim mata/Gaeilge	£20,000 Stg	€22,000

Qubizm Ltd		
www.anmuinteoir.ie *Micheál Ó Muirí*	€21,000	Diúltú

Pléadh na hiarratais iar-bhunscoile ar an scéim mhaoinithe áiseanna teagasic agus foghlama agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Ainm an Tionscadail	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Leagan Gaeilge d'acmhainn do mhúinteoirí Spáinnise *Latin America Solidarity Centre*	€2,800	€1,600
3 bhróisiúr ar obair an YSI *Young Social Innovators*	€1,240	€1,240
Dúshláin Bebras (smaointeoireacht agus dúshláin ríomhaireachtúil) Acmhainní agus ceardlann *Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.*	€12,756	€5,000
Acmhainní teagaisc agus foghlama do 12 dán ó liosta litríochta na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2) *Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Tuairisc.ie*	€8,250	€8,250
Pacáistí teagaisc ar úrscéalta na Sraithe Sóisearaí *Anna Ní Choirbín agus Gabrielle Campion*	€7,775	Diúltú
Rannóg na bhFoghlaimeoirí *Tuairisc.ie*	€24,875	€22,000
Splanc *Gael Linn*	€20,000	€20,000
An Bat Mírialta *Neasa Ní Chiaráin agus Ailbhe Ní Chasaide*	€5,000	€5000
IDIRLÍON *Ollscoil na hÉireann, Gaillimh*	€6,380	Diúltú
A World of Wellbeing *EDCO*	€25,000	Diúltú
Liathróid gníomhaíochtaí corpoideachais *Glór na nGael*	€3,500	€3,500

D'fhág an Príomhfheidhmeannach an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa. Pléadh dhá iarratas ó COMHAR agus ghlac an Bord leis an mholadh seo a leanas:

Iris ComharÓg ComharÓG	€10,200	€7,000

D'fhill an Príomhfheidhmeannach ag an phointe seo.

Pléadh na hiarratais le haghaidh foilsiú leabhar agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Ainm an Tionscadail	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Leagan véarsaíochta Gaeilge a chur ar fáil de THE GRUFFALO'S CHILD faoin teideal AN GARBHÁN ÓG *Futa Fata*	€1,955	€1,955

Leagan Gaeilge den leabhar THE BOY IN THE DRESS a fhoilsiú *Futa Fata*	€8,000	€8,000
Leagan Gaeilge den úrscéal gairid 'Race to the Frozen North' a chur ar fáil *Futa Fata*	€5,950	€4,000
Athleagan den dlúthdhiosca a tháinig ó Futa Fata in 2004: an cnuasach amhrán ar théama na farraige, CEOL NA MARA. Tá sé i gceist leabhar lándaite a chur leis. *Futa Fata*	€5,000	€5,000
Leagan Gaeilge den leabhar **Touche pas à mon coussin!** a fhoilsiú *Futa Fata*	€4,575	€3,000
Leagan véarsaíochta Gaeilge a chur ar fáil de THE GRUFFALO'S CHILD faoin teideal MO THEACHÍN GAN CHUMA GAN CHAOI *Futa Fata*	€2,000	€2,000
Macán: sraith 3 leabhar - Macán ag Roinnt lena Chairde; Macán sa Ghairdín; Macán agus an Leanbh Nua *Leabhar Breac*	€9,000	€9,000
Pictiúrleabhar 'An Oíche Roimh Nollaig' *Leabhar Breac*	€7,600	€6,000
Vifax don Ghaeilge *Lárionad na Gaeilge, Má Nuad*	€7,325	€7,325
Monarcha Shorcha - Leabhar do pháistí *Siobhán Uí Bhraoin*	€2,800	€2,800
Póstaeir ghnó *Ashmore Learning Solutions*	€1,500	€1,500
Cluichí Drámaíochta le Fil Uí Dhubhghaill Leabhar ina bhfuil 30 cluiche drámaíochta *Cló Iar-Chonnacht*	€7,595	€7,595
Bailiúchán Agallaimh Bheirte & Lúibíní in eagar ag Fearghas Mac Lochlainn *Cló Iar-Chonnacht*	€7,995	€6,000
Drámaí Bunscoile *Cló Iar-Chonnacht*	€13,650	€11,650
3 scéal de chuid Phádraic Uí Chonaire a dhigitiú: An Bhean ar Leag Dia Lámh Uirthi, Ná Lig Sinn i gCathú agus Anam an Easpaig *Léigh Leat*	€4,050	Diúltú

Pléadh na hiarratais ar an scéim sparánachta taighde agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Teideal an taighde	**Méid molta**	**Tréimhse ama**
Guth an scoláire agus úsáid na Gaeilge *Noel Ó Murchadha*	€14,750	€7,735 in 2020 agus €7,735 in 2022
Cá bhfuil na múinteoirí don earnáil Ghaeloideachais? Iniúchadh ar 'Scoil Céad Sprice'	€7,700	€3,850 in 2020 agus €3,850 in 2021

céimithe an MGO (Máistir Gairmiúil san Oideachas) 2016-2019 *Seán Ó Grádaigh agus Clíona Murray*		
Béaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta: Anailís agus Moltaí *Anna Ní Ghallachair, Aoife Ní Ghloinn, Siuán Ní Mhaonaigh agus cúntóir taighde*	€16,887	€10,000 in 2020 agus €6,887 in 2021
Fealsúnacht do Pháistí - Litearthacht ó Bhéal a Fhorbairt trí FCÁT i gComhthéacs Tumoideachais *Dr. Lucy Elvis agus Dr. Clíona Murray*	€10,000	€5,000 in 2020 agus €5,000 in 2021
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí le cur ar a gcumas na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu i scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge *An tOllamh Pádraig Ó Duibhir, An Dr. Joe Travers agus An Dr. Sinéad Andrews*	€25,000	€12,500 in 2020 agus €12,500 in 2021
An teagasc ábharbhunaithe (FCÁT) agus caint an mhúinteora sa Ghaelcholáiste: Iniúchadh criticiúil ar shainriachtanais forbartha gairmiúla múinteoirí faoi oiliúint *Ailín Ní Chonchúir*	€25,000	€8,100 in 2020, €8,100 in 2021, €4,400 in 2022 agus €4,400 in 2023
An fhoghlaim ghairmiúil a aithint, a threorú, a bhainistiú agus a cheiliúradh san Aonad Lán-Ghaeilge: Imscrúdú ar ról, ar fhreagracht, ar chleachtas agus ar acmhainneacht na ceannaireachta *T.J. Ó Ceallaigh, Muiris Ó Laoire agus Máire Uí Chonghaile*	€25,000	€12,500 in 2020 agus €12,500 in 2022
Assessment of narrative in children attending Irish-medium schools in Gaeltacht and English dominant regions *Dr. Stanislava Antonijevic-Elliott agus Dr. Mary Pat O'Malley-Keighran*	€25,000	€12,500 in 2020 agus €12,500 in 2021
Oidhreacht Dúchais an Chláir: Modúl Gaeilge agus Cultúir do Chlár na hIdirbhliana i Scoileanna T2 agus T1 *Eilís Ní Dhea*	Diúltú	
Cainteoirí L3 sa Chóras Tumoideachais Ghaeltachta *Conchúr Ó Brolcháin*	Diúltú	
A follow up study of students who received a diagnosis of Dyslexia while attending primary school in Ireland. *Deirdre Nic Gabhann*	Diúltú	
IDIRLÍON: Integrated, Differentiated, Immersive Resource for Language Interaction in an Online Network *Rónán Ó Conghaile*	Diúltú	
Cur i bhfeidhm Imlitreacha 52/2019 agus 53/2019: An Díolúine ó stáidéar na Gaeilge	Diúltú	

An tOllamh Padraig Ó Duibhir agus An Dr. Sinéad Andrews		

10. Iarratas UCC – B Ed le Gaeilge (P. Ó Macháin), iarratas TG4 – comhpháirtíocht idir COGG & TG4 agus iarratas ó Ghaelchultúr

Tháinig P. Ó Beaglaoich i láthair an chruinnithe. Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó TG4. Ardaíodh ceist an raibh cead duine a earcú ach míníodh gur tionscadal ar líne a bhí i gceist agus go mbeadh an duine fostaithe ag TG4. Ardaíodh ceist faoi thréimhse bliana agus moladh tréimhse níos faide a chur leis, más féidir. Moladh go mbeadh dream eile páirteach sa tionscadal agus chuir E. Ní Chorráin in iúl go bhféadfaí an cheist a phlé le Foras na Gaeilge. Aontaíodh go bpléifí an t-iarratas arís ag an Bhord agus uasdátú déanta ina leith.

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Ghaelchultúr. Measadh go raibh an costas aonair an-ard agus moladh gur gá sin a phlé leo. Ardaíodh ceist faoin uasmhéid de 20 duine agus moladh féachaint air sin freisin. Aontaíodh go bpléifí an t-iarratas arís ag an Bhord.

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh agus ghlac an Bord leis an mholadh sparánacht de €2,000 a chur ar fáil do dheichniúr mac léinn.

Rinneadh tagairt arís do na bearnaí sa tsoláthar áiseanna. Moladh suirbhé nó ceistneoir a chur amach chuig na múinteoirí maidir leis na bearnaí atá ann ó thaobh áiseanna agus foghlaim ar líne de. Moladh taighde a dhéanamh maidir le cá bhfuil na bearnaí ag na leibhéil éagsúla. Moladh eolas a fháil ó na múinteoirí ar dtús agus fianaise a bhailiú ón ghort.

D'fhág P. Ó Beaglaoich an cruinniú.

11. Tuairisc an CIR

Tugadh uasdátú ar an chruinniú a bhí ag an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 24 Aibreán. Cuireadh in iúl gur ghlac an Coiste leis na miontuairiscí ón chruinniú deiridh, gur breathnaíodh ar dhréachtchuntais 2019 agus gur ghlac an Coiste leo. Míníodh gur pléadh an tairiscint don Iniúchóir Inmheánach agus gur mhol an Coiste an tairiscint a thabhairt don chomhlacht áirithe.

12. An Clár Riosca

Tuairiscíodh gur leasaigh an Coiste an clár riosca i ngeall ar COVID-19. Ghlac an Bord leis an chlár riosca.

13. Aon Ghnó Eile

Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúil Dé Máirt 26 Bealtaine seachas 19 Bealtaine, mar a bhí beartaithe.

Síniú: _____ Dáta: 26 Bealtaine 2020

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 26 Bealtaine 2020

10.00r.n. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Pádraig Mac Grianna, Rita Nic Amhlaoibh agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain, Liam Ó Diomsaigh agus Lorraine Finn.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 28 Aibreán 2020 (molta ag S. Ó Fearraigh agus cuidithe ag E. Ní Chorráin).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Chuir B. Ní Ghréacháin in iúl go raibh cúpla seisiún ag an mheitheal leis na príomhoidí i dtaca le cúrsaí iontrála agus go bhfuil seisiún eile le bheith ann arís go luath.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Thagair an Cathaoirleach don chruinniú rialachais ar an 30 Aibreán leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus thug sé moladh don Phríomhfheidhmeannach agus do A. Nic Craith as a n-ionchur. Mhínigh sé go raibh an Comhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta 2020 sínithe agus curtha ar aghaidh ó shin. Chuir sé in iúl go raibh Tuarascáil Bhliantúil 2019 le críochnú agus le cur ar aghaidh chuig an Roinn faoin 30 Meitheamh.

6. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an obair foirne ag leanúint ar aghaidh mar is gnáth. Míníodh go raibh obair ar siúl ar na polasaithe, go raibh sábháiltí airgeadais le haimsiú, go raibh na leabharliostaí curtha suas ar an suíomh idirlín agus scaipthe ar ríomhphost ar na scoileanna freisin. Cuireadh in iúl go raibh comhaontuithe le dréachtú do na deontais ar fad a ceadaíodh, go raibh Padlets á chruthú, go raibh obair ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ag leanúint ar aghaidh agus treoir a fhorbairt maidir leis an aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil. Míníodh go raibh an obair ar na téacsleabhair ag leanúint ar aghaidh, go raibh eagarthóireacht á dhéanamh ar thionscadail éagsúla ar nós Eipic! srl agus go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh freisin. Mhol an Cathaoirleach foireann COGG as bheith ag obair go dian agus uaireanta fada a dhéanamh agus d'iarr sé buíochas an Bhoird a chur in iúl as an obair ar fad agus as an dílseacht.

Cuireadh in iúl go raibh an Dianchúrsa ar ceal ach go rabhthas ag féachaint ar fhéidearthachtaí eile ar nós Webinar leis na speisialtóirí agus b'fhéidir cúpla uair a chloig ar líne don Ghaeilge in aghaidh an lae.

Cuireadh in iúl go raibh an Tionól Forbartha ar ceal i mbliana freisin mar gheall ar chúrsaí COVID-19.

7. An Tuairisc Airgeadais

Pléadh an tuairisc airgeadais agus cuireadh in iúl go raibh €304,786.60 fós le dáileadh. Ardaíodh ceist faoin veain agus an raibh sé i gceist ag COGG veain nua a fháil. Míníodh go raibh an veain 12 bhliain d'aois agus go mbeadh tionscadal caipitil le cur faoi bhráid na Roinne le haghaidh veain nua; comhiarratas idir COGG agus Glór na nGael b'fhéidir. Iarradh aon smaointe i leith an veain a chur ar fáil agus go bpléifí an cheist arís.

8. Scéimeanna maoinithe 2020

Pléadh na hiarratais ar mhaoiniú faoin scéim mhaoinithe áiseanna teagasic agus foghlama agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Ainm an Tionscadail	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Dr. Úna Lawlor *Tús Maith, Ó Ailm go hÚr*	€22,964	Diúltú
Doiminic Mac Giolla Bhríde *Polaphonc an seó*	€11,210	€8,500
Aran Corcoran agus Tarsila Kruse *Leabhar/ríomhleabhar amhrán Nollag nuachumtha*	€14,000- €20,000	€7,775
Éabhlóid *Caoilte Caillte sa Mhúsaem*	€10,900	€8,400
Óga Yoga	€25,000	Diúltú

Sraith de leabhair phictiúr ióga		
Aisling Ní Shírín *Eagraí Eolais Ghaeilge do bhunscoileanna (T1 agus T2)*	€25,000	Diúltú
Áinín Uí Chasaide *Puzail do na luathbhlianta*	€5,000	Diúltú
Acmhainn chun múnlaí do ranganna spraiúla a chur ar fáil *Micheál Ó Maoilchiaráin*	€25,000	Diúltú

Pléadh na hiarratais ar an scéim sparánachta taighde agus ghlac an Bord leis an mholadh seo a leanas:

Teideal an taighde	**Méid molta**	**Tréimhse ama**
Soláthar Múinteoirí Ábhar do na hIarbhunscoileanna LánGhaeilge & Gaeltachta 2014 -2020: Athbhreithú agus staidéar comparáideach le taighde 2015 *Seán Ó Grádaigh agus Clíona Murray*	€6,700	€3,350 in 2020 agus €3,350 in 2021

Achomharc

Míníodh go raibh achomharc iarrtha i dtaca leis an chinneadh a rinneadh ar dhá iarratas ó iarratasóir amháin. Pléadh na cúiseanna ar diúltaíodh don dá iarratas agus ghlac an Bord le cinneadh an phainéil mheasúnaithe diúltú don dá iarratas. Aontaíodh go gcuirfí sin in iúl don iarrastasóir agus go dtabharfaí ábhar dóchais don iarratasóir maidir le deiseanna maoinithe amach anseo.

Cuireadh in iúl nach raibh córas achomhairc ag COGG ach go mbeadh córas achomhairc le daingniú ag an Bhord dá réir. Ghlac an Bord leis an mholadh go dtabharfaí aird ar acmhainní do scoileanna atá ag múineadh Gaeilge mar ábhar sna gnáthscoileanna agus áiseanna do mhúineadh na Gaeilge féin freisin faoin scéim áiseanna teagaisc agus foghlama amach anseo.

9. Iarratais le plé

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Institiúid Oideachais Marino le haghaidh €594,000 (thar 7 mbliana; €3,000 do gach mac léinn Ghaeltachta i ngach bliain den chéim – uasmhéid de 12 mac léinn Ghaeltachta i ngach bliain den chéim)**.** Mhol an Bord an obair atá déanta ag Marino ach aontaíodh nach féidir an t-iarratas a cheadú agus gur cheart dóibh dul i gcomhairle leis an Aonad, leis an TES agus leis na coláistí tríú leibhéal iad féin.

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Lasóg Learning Ltd. don tionscadal 'Bígí go Breá'. D'aontaigh an Bord go gcuirfí deontas de €13,868 ar fáil don tionscadal (molta ag D. Nic Craith agus cuidithe ag D. Nic Con Iomaire).

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Bhranar don tionscadal 'Puipéid as Paipéar'. D'aontaigh an Bord go gcuirfí deontas de €6,000 ar fáil don tionscadal (molta ag B. Ní Ghréacháin agus cuidithe ag D. Nic Con Iomaire).

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuair sí iarratas ar mhaoiniú ó Ghlór n anGael le haghaidh Cluedo as Gaeilge a chur ar fáil agus aontaíodh go bpléifí an t-iarratas sin ag an chéad chruinniú eile.

10. Litir ó Chumann Corpoideachais na hÉireann

Pléadh an litir ó Chumann Corpoideachais na hÉireann maidir le téacsleabhar corpoideachais don Ardteist nua a chur ar fáil. Míníodh go raibh COGG ag cur leabhar corpoideachais nua don tSraith Shóisearach ar fáil i mbliana (Bveocht na Beatha) ach go bhféadfaí an leabhar seo a chur san áireamh ar an liosta tosaíochtaí don bhliain seo chugainn.

11. An Clár Riosca

Tuairiscíodh gur raibh cúpla rud breise curtha leis an chlár riosca i ngeall ar shocruithe oibre le linn COVID-19; daoine ag obair ón bhaile, troscán eirgeanamaíoch, cruinnithe fíorúla, cibearshlándáil srl.

12. Aon Ghnó Eile

Chuir E. Ní Chorráin in iúl go raibh ciste nua ag Foras na Gaeilge le haghaidh deontas idir €1,000 agus €12,000 ach go raibh féidearthacht ann do chomhthionscadail idir Foras na Gaeilge agus COGG. Aontaíodh go bpléifí an cheist leis an Phríomhfheidhmeannach.

Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Máirt 16 Meitheamh 2020 ar 3.00i.n.

Síniú: _____ Dáta: 16 Meitheamh 2020

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 16 Meitheamh 2020

3:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Lorraine Finn, Liam Ó Diompsaigh, Pádraig Mac Grianna agus Rita Nic Amhlaoibh.

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain, Dairíona Nic Con Iomaire agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird)

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 26 Bealtaine 2020 (molta ag B. Ní Ghréacháin agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Chuir C. Ó Muircheartaigh in iúl go raibh an plé le Cruinneog ag bogadh ar aghaidh go maith agus go mbeadh toradh air go luath.

5. Cuntais Iniúchta 2019 – Séan Ó Súilleabháin - Cuntasóir Cairte agus Iniúchóirí Reachtúla

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an iniúchóir seachtrach Seán Ó Súilleabháin. Scaipeadh na cuntais do 2019 ar na comhaltai roimhré agus taispeánadh iad ar an scáileán Zoom. Chuaigh S Ó Súilleabháin tríd leathanach ar leathanach, mhínigh sé gur cuireadh le chéile iad bunaithe ar eolas faighte ó COGG agus go raibh sé sásta gur tuairisc fhíora bhí iontu. Ghabh sé buíochas leis an bhfeidhmeannas as ucht na hoibre go léir. Fiafraíodh cén fáth go raibh laghdú suntasach ar chaiteachas Breacadh ó 2018 agus miníodh go raibh an líne sin bainteach leis an Iris Breacadh (seachas Mar a Déarfá) nach bhfuil á foilsiú a thuilleadh agus go bhfuil caiteachas fós bainteach le Mar a Déarfá. Le moladh D. Nic Craith agus cuidiú P Mhic Grianna glacadh leis na cuntais. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le S Ó Súílleabháin as an obair a rinne sé. Thuairisc S Ó Súilleabháin go bhfuil leasú beag le déanamh ar lth 4 - lth9-12 a leasú go lth7-10. – Síneofar an leagan leasaithe go leictreonach sula seoltar chuig an Roinn é agus síneofar cóip chrua níos déanaí sa bhliain.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Thug an Cathaoirleach tuairisc ar an gcruinniú rialachais a bhí ag COGG leis an Roinn Oideachais ar an 30 Aibreán 2020. Dearbhaíodh an Comhaontú Maoirseachta agus Seachadadh Feidhmíochta agus síníodh é agus seoladh chuig an Roinn é.

Thuairisc sé go raibh Tuairisc 2019 le seoladh chuig an Roinn Oideachais faoin 30 Meitheamh 2020.

7. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an obair fhoirne ag leanúint ar aghaidh ach de bharr go bhfuil an fhoireann scaipthe go bhfuil deacrachtaí tagtha chun cinn, easpa tacaíochta agus strus ina measc. Gabhadh buíochas as an obair mhór atá ar siúl ag an bhfoireann sa tréimhse chorraitheach reatha.

Tuairiscíodh go bhfuil obair ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta ag leanúint ar aghaidh, go bhfuil cúrsaí pleanála á chur i láthair tríd Webinar. Tuairisicíodh go bhfuil tuairisc á foilsiú ag an Aonad don Oideachas Gaeltachta i gcomhpháirt le COGG le seoladh amach chuig na scoileanna maidir leis an aistriú ón Naíonra go dtí an bhunscoil.

Tuairiscíodh go bhfuil céim eile á glacadh leis an Tionscadal Soláthair, go bhfuil an triú comhlacht foilseacháin le teacht isteach agus go bhfuil Próiseas Idirphlé Iomaíoch (Competitive Dialogue Process) á thosú. Tuairiscíodh go mbeidh cruinniú ann leis an Roinn Oideachais & Scileanna an tseachtain seo chugainn. Aontaíodh gur laige mór sa chóras é nach bhfuil pacáiste téagartha do mhúineadh na Gaeilge ar fáil do ghnáthscoileanna, in ainneoin na ngearán ó mhúinteoirí thar na blianta agus gur fadhb é athrú meoin na Roinne maidir le hinfheistíocht stáit a dhéanamh mar a déanadh cheana.

Tuairiscíodh go raibh an tionscadal FCÁT ag bogadh ar aghaidh go maith go dtí gur tharla CoVid agus go bhfuil an plean do na Naíonáin curtha siar go mí na Samhna, na hIarbhunscoileanna go dtí Seachtain na Gaeilge 2021 agus na bunscoileann go Aibreán 2021. Tuairsicíodh gur Corpoideachas agus Mata na hábhair a roghnaíodh. Fiafraíodh an mbeadh speisialtóirí ag dul isteach sna scoileanna chun na hábhair a mhúineadh trí Ghaeilge agus miníodh go bhfuil an scéim á píolótú sna scoileanna a léirigh spéise agus na múinteoirí féin a bheadh á cur i bhfeidhm.

Tuairiscíodh gur tháinig meastachán ó Ghaelchultúr chun an Dianchúrsa a chur ar fáil ar líne idir an 17-21 Lúnasa, gur 13.5 uair an chloig teagaisc a bheadh á chur ar fáil in aghaidh an leibhéil (trí leibhéal) ar chostas €8,880 agus nach bhfuil lá na speisaltóirí san áireamh. Glacadh leis an tairiscint seo. Bhí plé gairid ann maidir leis na webinars ó na speisialtóirí agus mhol Cathnia go mbeadh siad beo seachas taifeadta.

Tuairiscíodh go bhfuil an dul chun cinn ar Mar a Déarfá an-mhall.

Bhí plé gairid ann faoi rochtain ar ardán C2K CCEA don mhata a chur ar fáil do dhaltaí bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus na deacrachtaí ag dul leis.

Tuairiscíodh go bhfuil píosa eile taighde réidh le crochadh ar an suíomh “Iniúchadh ar an Tumoideachas do Dhaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge i gCeantair Mhíbhuntáiste’’ leis An Dr. Karen Ní Chlochasaigh, An Dr. Gerry Shiel agus An tOllamh Pádraig Ó Duibhir

Tuairsicíodh go bhfuair cuntas twitter COGG 379,000 imprisean laistigh de 3 sheachtain.

7. Tuairisc Airgeadais agus imlíne do bhuiséad 2021

Pléadh an tuairisc airgeadais agus cuireadh in iúl go raibh os cionn €300,00 fós le dáileadh. Pléadh imlíne buiséad do 2021 agus moladh go dtairgeofaí aird ar struchtúr eagraíochtúil COGG arís le hiarratas le haghaidh ceapachán leas-priomhfheidhmeannaigh agus post eile a chur san áireamh sna meastacháin. Cinneadh cruinniú a lorg idir an Roinn agus toscaireacht ón mBord chun struchtúr COGG a phlé agus coinníollacha oibre na foirne.

Mhol D Nic Craith don bhord go dtosófaí ag machnamh ar conas an fhoireann a thabhairt ar ais go dtí an oifig, polasaí a leagadh síos de réir straitéis na Roinne, oifigeach CoVid a ainmniú, tacaíochtaí a chur ar fáil chun é seo a chur i gcrích go sábháilte. Thuairisc B Ní Ghréacháin go bhfuil Gaelsoideachas ag beartú a bheith ar ais san oifig ar 1 Meán Fómhair, go bhfuil suirbhéanna ar siúl acu, seicliostaí & clár riosca á leasú agus go bhfuil sí sásta an t-eolas seo a roinnt. Aontaíodh gur laige a bhí ann gan polasaí folláine a bheith i bhfeidhm (tá polasaí sábháilteachta ag COGG) Moladh breathnú ar an E.A.P (Employee Assitance Plan) le haghaidh tacaíochtaí.

8. Iarratais le plé

Pléadh iarratas Ghlór na nGael don chluiche CLUEDO a chur ar fáil i nGaeilge. €34,500 do 2,000 aonad nó €17.25, móide costas aistriúcháin agus profála €1,000 le Glór na nGael ag glanadh 50% den chostas. Le moladh D Uí Ainiféin agus cuidiú Chathnia Uí Mhuircheartaigh glacadh leis an iarratas ach le coinníoll sa chomhaontú go ndíreofaí ar riachtanais scoile na tíre agus go bhfaigheadh COGG 50% d'aon bhrabús a bheadh ann.

Pléadh iarratas leasaithe sparanácht taighde ó Mháiréad Ní Chatháin Uí Chonchúir agus T.J. Ó Ceallaigh ar "Cleachtais luathlitearthachta i rang na naíonán sa bhunscoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta a chur chun cinn, a dhaingniú agus a shaibhriú" ar chostas iomlán de €25,000 thar 2 bhliain .
Le moladh B Ní Ghreachain agus cuidiú Cathnnia Ó Muircheartaigh glacadh leis an iarratas.

9. An Clár Riosca

Tuairiscíodh nach raibh uasdátú déanta ar an gClár Riosca ón gcruinniú i mí Bealtaine de bharr tosaiochtaí eile ag an Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin. Moladh go gcuirfí mír ar an gclár ar an oifig a oscailt arís agus an laigeacht maidir le polasaí folláine gan a bheith i bhfeidhm.

10. Aon Ghnó Eile

Léirigh C Ó Muircheartaigh míshastacht leis an Tairseach do thorthaí na hArdteistiméireachta gan a bheith ar fáil i nGaeilge.

Thuairisc an Príomhfheidhmeannach go raibh an obair ar Thairseach COGG (spás ina mbeidh áiseanna á roinnt) mar atá luaite sa POG i gcomhpháirt le Scoilnet ag bogadh ar aghaidh go maith.

Tuairiscíodh go bhfuil comhaontú idir COGG agus DHKN sínithe don fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh.

Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Máirt 15 Meán Fómhair 2020 ar 3.00i.n. ar an gcóras Zoom.

Síniú: _____ Dáta: 15 Meán Fómhair 2020

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 15 Meán Fómhair 2020

3:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Pádraig Mac Grianna, Rita Nic Amhlaoibh, Elaine Ní Neachtain, Dairíona Nic Con Iomaire agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal: Lorraine Finn, Liam Ó Diomsaigh, Cathnia Ó Muircheartaigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird)

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú ar Zoom agus fáiltíodh ar ais roimh Elaine Ní Neachtain.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 16 Meitheamh 2020 (molta ag B. Ní Ghréacháin agus cuidithe ag D. Nic Craith

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Fiafraíodh an raibh an tuairisc ar an aistriú ó naoíonra go bunscoil Ghaeltachta críochnaithe go fóill. Tuairsicíodh nach bhfuil ach go mbeidh go luath

5. Cur i láthair ar an tairseach – Frank Ó Tormaigh

Rinne Frank Ó Tormaigh, oifigeach oideachais digiteach COGG cur i láthair ar Fhorbairtí ar Thairseach COGG agus na hacmhainní ar líne. Thuairisc Frank go bhfuil dhá fhíseán ghairid forbartha le dul ar Instagram ag déanamh cur síos ar na háiseanna atá ar fáil agus go bhfuil siad le seoladh go scoileanna na tíre. Tá siad le roinnt ar twitter freisin agus déanfaidh an CNCM, Gaeloideachas agus CMA ath-tuíteáil orthu.
Tréaslaíodh le Frank as an sár-obair atá déanta aige. Aontaíodh gur am tráthúil é an oiread sin áiseanna ar líne a bheith ar fáil.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Thuairisc an Cathaoirleach nár tháinig freagra ón Roinn Oideachais go fóill ar litir a seoladh maidir le struchtúr COGG . Tuairiscíodh gur lorgaíodh cruinniú leis an Aire Foley ach nár tháinig freagra go fóill. Tuairiscíodh go bhfuil Conradh Tréimhse Éiginnte bronnta ar an Oifigeach Oideachais Iarbhunscoile leis an CNCM. Tréaslaíodh leis an CME as ucht na tacaíochta a tugadh do na painéil ionadaithe ó thaobh na Gaelscolaíochta de.

7. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an obair fhoirne ag leanúint ar aghaidh, go bhfuil formhór na foirne fós ag obair ón mbaile. Gabhadh buíochas as an obair mhór leanúnach atá ar siúl ag an bhfoireann sa tréimhse chorraitheach reatha. Tuairiscíodh go bhfuil sraith seisiúin oiliúna (forbairt scileanna) á eagrú don bhfoireann. Tuairiscíodh go bhfuil na sraitheanna An Domhan Beag Seo, I nGrá Dé & Fí na Folláine críochnaithe agus ar fáil (Ranganna 2-6) agus Mise Mar Fhoghlaimeoir suas go Rang 5. Tuairiscíodh go bhfuil athchló déanta ar T&T 1, T&T2AL, T&T 4,5,6,7 agus go bhfuil obair tosaithe ar T&TGL 2 nua, Beocht na Beatha, Tonnta Fuaime 2, Sláinte & Folláine, Allons-y 1 (2 tosaithe) agus go bhfuil obair ar pháipéir scrúduithe shamplacha don tSraith Shóisearach idir lámha.

Bhí plé gairid ann faoin Tionscadal Soláthar agus an dul chun cinn atá á dhéanamh.

Tuairiscíodh go bhfuil Oideachas Speisialta go mór chun cinn & gur tháinig iarratas isteach ag lorg leagan Gaeilge den fheidhchlár 'LAMP' (Language Acquisition through Motor Planning) a úsáideann páistí le huathachas. Thuairisc B ní Ghréacháin go bhfuil taighde á choimisiniú ag Gaeloideachas faoi láthair ar na bearnaí san RSO agus gcuirfí an áis seo san áireamh.

Fiafraíodh an bhfuil Fí na Folláine ar fáil ar líne agus cuireadh in iúl nach bhfuil faoi láthair, gur comhlacht an-bheag iad Outside the Box agus nach mbeadh na hacmhainní acu seo a dhéanamh.

Ardaíodh ceist faoi leagan Gaeilge de chlár 'Going Well' Chumann Lúthchleasa Gael gan a bheth ar fáil. Ní raibh aon phlé ag COGG leis an gCLG faoi, cé go raibh cumarsáid ag Foras na Gaeilge ina thaobh ach níl leagan Gaeilga á fhorbairt faoi láthair.

Tuairiscíodh go bhfuil obair ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta ag leanúint ar aghaidh, go bhfuil cúrsaí pleanála á chur i láthair tríd Webinar.

Aontaíodh go scríobhfadh COGG litir ag gabháil buíochais as an comhoibriú thar na blianta le John Hammond agus Paul Brady ón CNCM atá ag dul ar scor.

8. **Tuairisc Airgeadais agus buiséad go deireadh na bliana**

Scaipeadh tuairisc airgeadais ar na comhaltaí. Tuairiscíodh go bhfuil €200,000 fós le dáileadh. Gabhadh buíochas le A Nic Craith as an obair ar na cuntais, polasaithe & rialachas corporáideach. Ghabh A Nic Craith bíochas le S Uí Choinne as ucht na hoibre mhóir ar na comhaontuithe do na scéimeanna a bhainistiú.

9. Dréachtchreat Churaclam na Bunscoile

Tuairiscíodh go bhfuil an Comhairliúcháin curtha siar go dtí 2021

10. Trialacha caighdeánaithe ar-líne

Tuairiscíodh nach bhfuil aon trialacha caighdeánaithe ar líne ar fáil i nGaeilge ar do bhunscoileanna agus go gcruthaíonn sé seo bearna mór. Moladh go dtógfaí an cheist leis an bhForas Taighde ar Oideachas ar dtús agus go seolfaí litir ag an duine cuí ag léiriú mí-shásamh an Bhoird

11. Tosaíochtaí oibre 2021- moltaí

Iarradh ar na comhaltaí moltaí a sheoladh isteach i scríbhinn roimh an chéadh chruinniú eile i dtaobh moltaí do thosaíochtaí oibre do 2021. Moladh tús áite a thabhairt do ábhar bainteach le FCÁT & ábhar le dul ar líne. Fáilteofar roimh mholtaí eile freisin.

12. Iarratas le plé

Pléadh iarratas maoinithe ó Choláiste na Tríonóide do thaighde ar chorpas nua na bhfoghlaimeoirí atá á bhailiú ón ardán cliste *An Scéalaí,* a léireoidh:

(i) anailís ar earráidí labhartha agus scríofa, féincheartú na ndaltaí le spléachadh ar phróisis shealbhú na teanga
(ii) tionchar na teicneolaíochta ar fhoghlaim na Gaeilge

Moladh agus glacadh d'aonghuth leis an iarratas agus tá sparánacht €25,000 le bronnadh ar an ollscoil.

9. An Clár Riosca

Tuairiscíodh nach raibh uasdatú déanta le déanaí ar an gClár Riosca seachas mír ar an oifig a oscailt i dtimpeallacht na Cóivéide. Tuairiscíodh gur dréachtaíodh polasaí Cóivéide don oifig.

10. Aon Ghnó Eile

Tuarirscíodh go bhfuil taighde idir lámha ag GAELOIDEACHAS ar na torthaí Ardteiste sa Ghaeilge a fuarthas sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus go raibh an cuma ar an scéal gur íslíodh na grádanna sa Ghaeilge.

Pléadh uasgrádú a dhéanamh ar veain COGG agus bealaí é a chur i mbéal phobal na scoile arís. Féidearthachtaí thuras fíorúil le fiosrú.

Gabhadh buíochas ó chroí le Rita Nic Amhlaigh as ucht a cuid oibre agus comhoibriú ar bhord COGG le blianta anuas guíodh gach rath uirthi agus í ag dul ar scor.

Ghabh R Nic Amhlaigh buíochas le D Ó hAiniféin as ucht na sár-chathaoirleachta a dhéanann sé chomh maith le M Ní Mhóráin as ucht a dílseachta dhiongbhálte don Ghaeilge taobh istigh den chóras oideachais thar na blianta.

Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Máirt 24 Samhain 2020 ar 2.00 go 4.00in ar an gcóras Zoom.

Síniú: _____ Dáta: 24 Samhain 2020

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 24 Samhain 2020

2:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Elaine Ní Neachtain, Liam Ó Diomsaigh agus Pádraig Mac Grianna.

Leithscéal: Lorraine Finn agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 15 Meán Fómhair 2020 (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag D. Nic Con Iomaire).

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Mhínigh E. Ní Chorráin go raibh leagan Gaeilge de chlár 'Going Well' de chuid Chumann Lúthchleas Gael á aistriú go Gaeilge faoi láthair agus go raibh sé páirtmhaoinithe ag Foras na Gaeilge.

5. Tuairisc an Chathaoirligh

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le foireann COGG as an obair leanúnach ar fad. Mhínigh sé nach bhfuair sé dáta go fóill le haghaidh cruinniú leis an Aire Oideachais agus nach raibh aon scéal faighte fós maidir le comharba R. Nic Amhlaoibh. Thagair sé don chomhfhreagras a bhí faighte maidir le Coláiste Lú agus bhí plé ag an Bhord ina leith. Aontaíodh go scríobhfadh an Príomhfheidhmeannach chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí chun soiléiriú a lorg ar an soláthar reatha Gaeilge san haonaid/sruthanna Gaeilge agus na hábhair atá ar fáil acu. Aontaíodh go ndéanfadh an Príomhfheidhmeannach teagmháil leis an Fhoras Pátrúnachta ina leith freisin.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh cás gnó á ullmhú maidir le todhchaí agus struchtúr COGG agus ghabh sé buíochas leis an Phríomhfheidhmeannach as an réamhobair ar fad a bhí déanta aici. Míníodh go scaipfí an cás gnó ar an Bhord go luath agus go raibh aon mholtaí ina leith le cur ar ais chuig an Phríomhfheidhmeannach.

6. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh ullmhúchán le déanamh don iniúchadh inmhéanach, go raibh liosta mór cáipéisí le cur ar fáil agus go mbeadh tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh faoi bhráid an bhoird i mí Eanáir. Míníodh go raibh obair ar siúl i dtaca le rialachas corparáideach, cuntasaíocht, buiséadú agus caiteachas go deireadh na bliana, comhaontuithe á ndréachtú, ceisteanna parlaiminte á bhfreagairt go rialta agus go raibh aighneacht á ullmhú do Dhréachtchreat Curaclam na Bunscoile 2020.

Míníodh go raibh an obair ar an tionscadal soláthair ag leanúint ar aghaidh. Tuairiscíodh go raibh an-obair ar siúl i dtaca leis an tairseach agus go raibh réimse leathan ábhar air anois. Tuairiscíodh go raibh obair na dtéascleabhar ag bogadh ar aghaidh agus go mbeadh OSSP, Reiligiún agus Corpoideachas na hArdteiste réidh don scoilbhliain nua. Míníodh go raibh an obair ar na páipéar scrúdaithe ag leanúint ar aghaidh le Edco agus Examcraft agus go raibh plé le Studyclix maidir le hiarpháipéir a chur ar fáil de réir ábhar. Chuir L. Ó Diomsaigh in iúl go raibh obair dearbhaithe caighdeáin ar siúl i dtaca le Mol Mata agus go bhfuil tairiscint le lorg ó chomhlachtaí seachtracha roimh dheireadh na bliana le haghaidh 'online manipulatives'.

Tugadh uasdátú ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus míníodh go raibh an obair ar siúl maidir leis an treoir don aistriú ón naíonra go dtí an bhunscoil, na táscairí dea-chleachtais, tacaíocht do na scoileanna agus na pobail chleachtais. Ardaíodh ceist faoi thréimhse ama an Pholasaí agus míníodh go bhféadfaí síneadh ama a chur leis.

Tháinig B. Ní Ghréacháin isteach ag an phointe seo agus mhínigh sí go mbeadh uirthi imeacht arís i ndiaidh tamaill.

7. Tuairisc Airgeadais agus Caiteachais

Scaipeadh tuairisc airgeadais ar na comhaltaí. Tuairiscíodh go raibh airgead fós le caitheamh roimh dheireadh na bliana ach go rabhthas ag súil go gcaithfí é ar na téacsleabhair nua, na hathchlónna agus an veain. Gabhadh buíochas le A Nic Craith as an tuairisc airgeadais a dhréachtú.

8. Dréachtchreat Churaclam na Bunscoile

Thuairiscigh E. Ní Neachtain go raibh an comhairliúchán ar siúl go dtí mí na Nollag, go raibh an suirbhé ar líne oscailte agus go rabhthas ag glacadh le haighneachtaí scríofa freisin. Míníodh go raibh cainteanna déthaobhacha á reáchtáil agus go raibh seisiún eolais trí mheán an Bhéarla ar siúl ar an 25 Samhain agus seisiún eolais trí mheán na Gaeilge ar siúl ar an 9 Nollaig.

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh aighneacht á chur le chéile ag COGG faoi láthair agus mhol an Bord gur ghá tagairt a dhéanamh don tumoideachas agus don dátheangachas. Pléadh ceist an tríú teanga agus an raibh go leor dúshlán ag baint le dhá theanga. Measadh go gcaithfí bunús maith sa Ghaeilge agus sa Bhéarla bheith ag páistí sula dtabharfaí faoin tríú teanga.

9. Tosaíochtaí taighde 2021 don Roinn Oideachais

Pléadh moltaí na Roinne Oideachais maidir le taighde. I measc na moltaí a pléadh bhí:

- tionchar an churaclaim teanga ar fhoghlaim na Gaeilge sna bunscoileanna agus go ndéanfaí seo i gcomhar leis an Fhoras Taighde ar Oideachas.
- tionchar an tumoideachais sna bunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

- guth an scoláire maidir le foghlaim na Gaeilge i scoileanna T1 agus T2.
- riachtanais speisialta oideachais agus scoileanna DEIS.
- eolas le bailiú faoi líon na ranganna speisialta agus na haonaid uathachais i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.
- líon páistí inimirceach sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.
- cnuasú áiseanna (tairseach/bunachar) do theagasc na Gaeilge do pháistí níos sine nár fhoghlaim Gaeilge agus páistí atá á dteagasc sa bhaile.

Aontaíodh go scaipfí an liosta moltaí ar an Bhord agus go gcuirfí aon mholtaí breise ar ais chuig an Phríomhfheidhmeannach.

10. Tosaíochtaí scéim mhaoinithe áiseanna 2021
Aontaíodh go bpléifí an mhír seo ag an chéad chruinniú boird eile.

11. 'Cuairt Fíorúil' Veain COGG
Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Ghlór na nGael le haghaidh 'Cuairt Fíorúil' Veain COGG. Aontaíodh gur leabharlann ar líne a bheadh ann, ar shuíomh COGG le nasc chuig www.udar.ie, agus go mbeifeá in ann caibidil nó dhó de na leabhair a léamh. Ghlac an Bord leis an iarratas ach aontaíodh go mbeadh ceisteanna le cíoradh le Glór na nGael áfach.

12. Iarratais le plé
Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ó Bhord Oideachais agus Oiliuna na Gaillimhe agus Ros Comáin le haghaidh €90,000 do Chéim 3 de Mar a Déarfá! Ghlac an Bord leis an iarratas d'aon ghuth go gcuirfí €90,000 ar fáil ach aontaíodh go scríobhfadh an Príomhfheidhmeannach chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, Chiarraí agus Dhún na nGall i dtaca le maoiniú do leaganacha na Mumhain agus Ulaidh a fháil.

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú aon-uaire do €34,944 ó Fhíbín Teo chun An Triail a thaifeadadh i Stiúideo Telegael. Aontaíodh go raibh luach an-mhaith ag baint leis an iarratas agus d'aontaigh an Bord go gcuirfí €20,000 ar fáil dóibh.

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú do €12,250 ó Bhranar le haghaidh An Rang a Racáil. D'aontaigh an Bord go gcuirfí €12,250 ar fáil dóibh ach go raibh líon na gcóipeanna den dlúthdhiosca le laghdú.

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú do £45,000 ón Áisaonad le haghaidh athchlónna agus d'aontaigh an Bord go gcuirfí £45,000 ar fáil dóibh.

Pléadh an Teastas Iarchéime i dTeastas Ábharbhunaithe (TTA) san Iar-bhunscolaíocht Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta agus na sparánachtaí atá á gcur ar fáil ag Boird Oideachais agus Oiliúna. Aontaíodh go gcuirfeadh COGG sparánachtaí 50% ar fáil do na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge nach bhfeidhmíonn faoi BOO.

13. An Clár Riosca

Tuairiscíodh nach raibh uasdátú déanta le déanaí ar an Chlár Riosca.

14. Aon Ghnó Eile

Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Céadaoin 27 Eanáir 2021 le cruinniú gan an fheidhmeannas ar 1.30i.n. agus gnáthchruinniú boird ina dhiaidh sin ar 2.15i.n. ar an chóras Zoom.

Síniú: _____ Dáta: 27 Eanáir 2021

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach